# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL
**(300 marc)**

Dé hAOINE, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. 300 marc san iomlán atá ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

# GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta**

(i) San Aithin, ba iad na saoránaigh sa Chomhthionól a shocraigh gach mórcheist thábhachtach. Ón léamh atá déanta agat ar Thúicídidéas, an dóigh leat gur chabhraigh a gcineál daonlathach rialtais leis na hAithnigh ina gcogadh in aghaidh Sparta nó ar bhac sé iad? (50)

(ii) (a) Mínigh cén fáth ar shocraigh na hAithnigh ar Delium a dhaingniú in 424 R.Ch. (20)

(b) Tabhair breac-chuntas ar Chath Oropus. (20)

(c) Cén chaoi ar athghabh na Béóitiaigh an teampall in Delium? (10)

(iii) In 415 R.Ch. thréig an ginearál Aithneach Alcaibiaidéas an Aithin agus d'imigh sé anonn go taobh na Spartach.

(a) Déan cur síos ar na heachtraí a thug ar Alcaibiaidéas taobhú le Sparta. (25)

(b) Cén chomhairle a chuir Alcaibiaidéas ar na Spartaigh maidir le stiúradh an chogaidh? (15)

(c) Cén tuairim atá agat d'iompar Alcaibiaidéis ag an am sin? (10)

(iv) (a) Tabhair breac-chuntas ar an bpáirt a ghlac an ginearál Aithneach Déamastainéas i gCogadh na Peilipinéise. (35)

(b) Ar ghinearál mór le rá é Déamastainéas, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar Airrianas agus ar Phlútarc, déan cur síos ar an gcaoi ar dhéileáil Alastar le mná. (40)

(b) Cén tuairim atá agat de mheon Alastair i leith na mban? (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar éirigh le hAlastar Abhainn an Hiodaispéas a thrasnú gan aon chur ina choinne. (20)

(b) Tabhair cuntas ar Chath Hiodaispéas agus mínigh cén fáth a raibh an bua ag Alastar. (20)

(c) Cad a d'fhoghlaim tú faoi charachtar Alastair ón gcaoi ar chaith sé le Póras? (10)

(iii) (a) In 330 R.Ch, scriosadh pálás na bPeirseach i bPeirséapoil i ndóiteán. Ón léamh atá déanta agat ar Airrianas agus ar Phlútarc, déan cur síos ar an gcaoi ar tharla an eachtra sin. (35)

(b) Cé acu ceann den dá chuntas is inchreidte, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) " … agus i gcúrsaí óil, freisin, bhí claonadh don bharraíocht go barbartha anois ann". (Airrianas, *Feachtais Alastair*). Ón léamh atá déanta agat ar Airrianas agus ar Phlútarc, cé chomh mór de pháirt a ghlac an t-ólachán i saol Alastair? Bíodh tagairtí ó na téacsanna mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) "Idir an dá linn bhí bagairt Sheartóirias ar crochadh thar an Róimh ar nós scamaill". (Plútarc, *Poimpéas)*

(a) Tabhair cuntas ar fheachtas Phoimpéas in aghaidh Sheartóirias sa Spáinn. (40)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar Phlútarc, cén tuairim atá agat de Sheartóirias? (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar ról Cható i bpolaitíocht na poblachta deireanaí. (30)

(b) Cad iad na cúinsí a bhain le bás Cható? (10)

(c) Cén dearcadh a bhí ag Caesar ar Cható tar éis bhás Cható? (10)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar phríomhthéamaí na ndánta le Catullus atá ar do chúrsa. (25)

(b) Cad a thaispeánann a chuid dánta maidir le carachtar Catullus? (15)

(c) An dóigh leat go bhfuil a chuid dánta ábhartha don léitheoir san aonú haois is fiche? (10)

(iv) (a) In *Ceart agus Éigeart,* scríobh Cicearó "Is é atá san fhíordhlí ná Réasún, ceart agus nádúrtha, a ordaíonn do dhaoine a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus a choscann agus a dhíspreagann iad éagóir a dhéanamh." Cén chaoi a míníonn Cicearó an ráiteas seo? (40)

(b) An aontaíonn tú lena dhearcadh ar an ábhar seo? Mínigh do fhreagra. (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar ghníomhréim Octáivian (Ágastas níos deireanaí) ó bhás Iúil Caesar i 44 R.Ch. anuas go dtí a bhua ag Cath Aictiam i 31 R.Ch. (35)

(b) Cad iad na cáilíochtaí a chabhraigh leis an bua a bhaint amach, dar leat? (15)

(ii) (a) Cén fáth ar fhág Tibir an Róimh agus ar imigh sé go hoileán Capri i 26 AD, dar leat? (20)

(b) Cén chaoi a ndeachaigh sé i gcion ar chúrsaí sa Róimh go raibh sé as láthair in Capri? (15)

(c) Déan trácht gairid ar an gcur síos a thugann Séatóinias ar stíl mhaireachtála Thibir ar an oileán. (15)

(iii) Nuair a bhí Cláidias óg, chuala a dheirfiúr Livilla duine ag tuar go mbeadh an Róimh faoina riail lá éigin. Ghuigh sí os ard go "spárálfaí an Róimh ó mhí-ádh chomh cruálach agus neamhthuillte." (Séatóinias) Ón léamh atá déanta agat ar Shéatóinias, an dóigh leat go raibh údar maith lena heagla? (50)

(iv) (a) Déan cur síos ar Loscadh Mór na Róimhe inar scriosadh cuid mhór den chathair i 64 AD. (30)

(b) Déan trácht ar iompar Néaró le linn an Loiscthe agus ina dhiaidh. (20)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

(i) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas, cén chaoi a gcosnaíonn Proiméitéas goid na tine chun í a thabhairt don chine daonna? (25)

(b) Cén dearcadh atá ag na neacha buana eile air faoi thabhairt na tine do dhaoine daonna? (25)

(ii) (a) Nuair a chasann Méidé agus Iasón le chéile den chéad uair in *Méidé* le hEoiripidéas, cad iad na cúiseanna gearáin atá ag Méidé in aghaidh Iasón? (20)

(b) An bhfuil cosaint Iasón sochreidte, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (30)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar *Froganna,* cad a d'fhoghlaim tú faoin saol agus faoin bpolaitíocht san Aithin in aimsir Arastafainéis? (50)

(iv) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cuireann Éideapús fios ar an bhfáidh, Tiresias.

(a) Déan cur síos ar an teacht le chéile idir an bheirt fhear. (25)

(b) Cad é do mheas ar iompar Éideapús **agus** Tiresias araon ag an teacht le chéile sin? (25)

---

**Topaic 6. An Epic Ársa.**

(i) An dtagann tú leis an tuairim go bhfuil cur síos Veirgil ar chuairt Aeinéas ar an Domhan Thíos níos corraithí agus níos drámatúla ná cur síos Hóiméir ar chuairt Odaiséis ar an Domhan Thíos? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat don dá théacs. (50)

(ii) Dúirt criticeoirí maidir le hAeinéas go bhfuil "easpa croíúlachta ann agus nach bhfuil na gnáthmhothúcháin dhaonna ann". (Camps)
Pléigh an ráiteas seo, agus bíodh tagairt agat don *Aeinéid* le Veirgil mar thaca le do fhreagra. (50)

(iii) (a) Déan cur síos ar chleachtas na flaithiúlachta agus na tabhartha bronntanas mar a léiríonn Hóiméar iad san *Odaisé*. (40)

(b) Conas a úsáideann Hóiméar cleachtas na flaithiúlachta agus na tabhartha bronntanas le taispeáint an bhfuil carachtair go maith nó go holc? (10)

(iv) Déan comparáid idir stádas agus ról na mban in *An Táin* agus stádas agus ról na mban san *Odaisé* le Hóiméar **nó** san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) I gcuntas Livias ar Chath Cannae cén chaoi ar bhain Hannibal amach a bhua ollmhór ar na Rómhánaigh? (30)

(b) Cén dearcadh a bhí ag Livias i leith na gceannasaithe, Paulus agus Varro, sa sliocht atá leagtha síos? (20)

(ii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta le Horáit ar do chúrsa, déan cur síos ar a fhealsúnacht i leith an tsaoil. (35)

(b) An dóigh leat go bhfuil fealsúnacht Horáit ábhartha dúinn sa lá atá inniu ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) "Is corraitheach trua agus comhbhá Veirgil leo siúd atá ag fulaingt."
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat do na sleachta *Oirféas agus Eoraidicé* agus *An Domhan Thíos* mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) Is scéal corraitheach grá agus scéal an-mhorálta é *Baucis agus Fileámon.*
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairt agat don dán. (50)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Déan staidéar ar an vása a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an cineál vása a léirítear agus abair cén úsáid a baineadh as. (10)

(b) Ainmnigh an potadóir a rinne an vása sin. (5)

(c) Déan cur síos ar na radhairc atá ar an vása agus déan trácht ar a mhaisiúchán. (20)

(d) Tabhair breac-chuntas ar an difríocht idir vásaí dubhfhíoracha agus vásaí rua-fhíoracha. (15)

(ii) Léirítear Teampall Apalló i nDeilfe i bh**Fótagraif B** agus **C** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén fáth ar thearmann chomh tábhachtach sin í Deilfe sa tSean-Ghréig? (10)

(b) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach ina bhfuil an teampall seo tógtha? (5)

(c) Cad iad na hábhair a úsáideadh chun é a thógáil? (10)

(d) Déan cur síos iomlán ar an teampall, agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (25)

(iii) Léirítear meatóp as teampall Shéas in Oilimpia i bh**Fótagraf D**.

(a) Cén tréimhse lena mbaineann an meatóp seo? (5)

(b) Cá háit go baileach ar an teampall a mbíodh na meatóip suite? Tig leat sceitse a úsáid mar chuid de do fhreagra. (5)

(c) Mínigh cén eachtra a thaispeántar ar an meatóp. (10)

(d) Déan trácht ar an stíl ealaíonta agus ar chaighdeán na dealbhóireachta. (30)

(iv) Déan staidéar ar an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an dealbh a léirítear. (5)

(b) Cén fheidhm a bhíodh le dealbha dá leithéid? (10)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil den tréimhse Heilléanaíoch? (20)

(d) Déan trácht ar an mórghníomh ealaíonta a rinne dealbhóir na deilbhe seo. (15)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) In *An Phoblacht* le Platón, cuireann Sócraitéas ceisteanna ar Cephalus faoin tseanaois.

(a) Cén freagra a thugann Cephalus ar cheisteanna Shócraitéas? (20)

(b) De réir Cephalus, cén buntáiste a bhaineann le saibhreas nuair a bhíonn an bás ag druidim le duine? (15)

(c) Cén tuairim atá agat de mheon Cephalus ar an mbuntáiste a bhaineann le saibhreas agus an bás ag druidim le duine? (15)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar Fháthscéal na hUaimhe in *An Phoblacht* le Platón. (30)

(b) Mínigh an fáthscéal. (20)

(iii) (a) In *An Phoblacht* le Platón, cén chaoi a mbréagnaíonn Sócraitéas an maíomh ag Adeimantus ”go n-éiríonn formhór na bhfealsúna ina n-éin an-chorr, agus mioscaiseach amach is amach go fiú … agus go mbíonn siad gan mhaith mar bhaill den tsochaí”? (35)

(b) An aontaíonn tú le Adeimantus nó le Sócraitéas faoi seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar *Litir VII* agus *Litir VIII*, cén tuairim atá agat de charachtar agus d’fhealsúnacht Phlatóin? (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** plean de Caerwent Rómhánach sa Bhreatain Bheag Theas.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag ***aa, b, c, f*** agus ***g.*** (15)

(b) Déan cur síos ar an bhfóram in Caerwent agus mínigh cén chaoi a raibh sé difriúil le fóram tipiciúil Rómhánach san Iodáil. (25)

(c) Mínigh cad atá i gceist ag Wheeler nuair a scríobhann sé go raibh Caerwent "mar chuid de straitéis shibhialta seachas straitéis mhíleata". (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** plean de na Folcadáin Stáibiacha i bPoimpé.
Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** plean d' Fholcadáin Haidrian in Lepcis Magna.

(a) Úsáid an **dá** phlean agus cuir na Focladáin Stáibiacha agus Folcadáin Haidrian i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. (30)

(b) Déan cur síos achomair ar na háiseanna a bhíodh in úsáid sna folcadáin tipiciúla Rómhanacha. (10)

(c) Cén fheidhm a bhíodh le folcadáin i saol sóisialta na Rómhánach? (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** dealbh bhrád den Impire Commodus.
Léiríonn **Fótagraf J** dealbh bhrád den Impire Pilib Arabach.

(a) Cad a thaispeánann an dá dhealbh bhrád maidir le carachtair na beirte Impirí, dar leat? (25)

(b) Cad í/iad an ghné/na gnéithe de na dealbha brád seo atá tipiciúil de dhealbha brád Rómhánacha? (25)

(iv) (a) Ainmnigh an phéintéireacht a léirítear i bh**Fótagraf K** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cén fáth ar mhaisigh na Rómhánaigh a dtithe le péintéireachtaí dá leithéid? (10)

(c) Déan cur síos ar an bpéintéireacht agus déan trácht ar a cáilíocht ealaíonta. (30)

(d) Cén t-ábhar eile a bhfuarthas go coitianta sa phéintéireacht Rómhánach? (5)

---